

Féile na hInse 2019

4ú - 12ú Márta



Ostán an Auburn Lodge,
Inis,
Co. an Chláir.



Na Coinniollacha Iontrála

1. Ní foláir na hiontrálacha go léir, maraon leis na táillí, a bheith ag Rúnaí na gComórtas ag :



OIFIG "CLÁR AS GAELGE",
5 ARDÁN NAOMH ANTAINE, INIS,
CO. AN CHLÁIR

(Trasna ón gColáiste Pobail) ar nó roimh

DÉ hAOINE, 12 FEABHRA 2016.

Ní foláir fiosraithe faoi ghné ar bith den bhFéile a chur chuig Oifig **An Clár as Gaelge Teo.**
Fón: 065 - 6864474
R-phost: clarasgaelge@eircom.net
9.30 a.m. - 5.00 p.m. Luan go Aoine



Is féidir iontrálacha a sheoladh isteach trí r-phost ar nó roimh an 12ú Feabhra 2016 chuig: clarasgaelge@eircom.net

ar an gcoinníoll go n-íocfar na táillí cuí taobh istigh de sheacht lá ón dáta sin.

Ní ghlacfar le hiontrálacha ar lá na gcomórtas.

- Glacfar le hiontrálacha ó thuismitheoirí, ó dhaoine aonair, ó scoileanna, ó chlubanna agus ó ghrúpaí.
- I gcás foirne nó grúpa, ó chlub nó eagrais, nach luíonn ina iomlán in aois-ghrúpa faoi leith, beidh orthu dul san iomaíocht i Roinn an Chomórtais ina bhfuil an duine is sine sa ghrúpa.
- (a) Bronnfar buantrófaí agus duaiseanna aonair sna comórtais mar a luaitear sa Chlár.
(b) Bronnfar an Chéad, an Dara agus an Tríú duais i ngach comórtas aonair le cúigear nó níos mó iomaitheoir.
(c) Bronnfar dhá dhuais i gcomórtas le ceathrar iomaitheoir, agus duais amháin i gcomórtas le beirt nó triúr iomaitheoir.
(d) Bronnfar an chéad agus an dara duais i gcomórtas le beirt nó níos mó ar fhoireann.
(e) Bronnfar Buantrófaí ar bhuaiteoirí comórtais le 10 nó níos mó iomaitheoirí ar fhoireann.
(f) Bronnfar na duaiseanna ag críoch gach comórtas ach amháin nuair a iarrann an Moltóir a mhalairt.
- I gcomórtas ina mbeidh gá le réamhbhabhtaí, ligfear le gach iomaitheoir a ghnóthaíonn 80% nó os a cionn ar aghaidh. Déanfar iarracht gach craobh a bheith ar an ardán.
- (a) Caithfidh iomaitheoirí clárú & uimhir a fháil 15 nóiméad roimh thús an chomórtais.
(b) Chomh luath agus a chuirtear tús le comórtas, caithfidh gach iomaitheoir teacht agus fanacht lena uain sa seomra ina bhfuil an comórtas ar siúl.
(c) Is féidir am comórtais a athrú ag brath ar iontrálacha. Cuirfear é seo in iúl don Mhúinteoir i gceannas roimh ré.
- Ní bheidh dul thar bhreith an Mholtóra i gcás ar bith.
- Toisc gurb í príomhaidhm na Féile an Ghaeilge a chur chun cinn:
(a) Beifear ag súil go ndéanfar teagmháil leis an gCoiste trí mheán na Gaeilge, chomh fada agus is féidir.
(b) Beifear ag súil go mbainfear úsáid as an Ghaeilge ag na himeachtaí, chomh fada agus is féidir.
- Caithfear na **Buantrófaí ó 2015** a chur ar ais chuig Rúnaí na Féile, ag Ostán an Auburn Lodge, Inis, nó chuig oifig "**An Clár as Gaelge**" ar nó roimh **Dé hAoine, 12 Feabhra 2016.**
- Beidh Rannóg ar leith do Ghaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta i roinnt comórtas mar a luaitear sa Chlár. Más mian le hiomaitheoir, nach bhfuil ag freastal ar Ghaelscoil, páirt a ghlacadh i rannóg na nGaelscoileanna, beidh fáilte roimhe/roimpi.
- Caithfear na scoláireachtaí Gaeltachta a bhronntar ag Féile 2016 a úsáid i gcúrsaí Samhraidh Gaeltachta in 2016 sna coláistí roghnaithe. Is gá do mholtóir bheith sásta le caighdeán Gaeilge an bhuaiteora.
- Níl na Scoláireachtaí inaistrithe.
- Molann Coiste na Féile do chaomhnóirí/tuismitheoirí go bhfuil siad freagrach as a bpáistí le linn imeachtaí na Féile.

Dáta Deiridh Iontrála do na Comórtais go léir ná: Dé hAOINE, 12ú Feabhra 2016



Féile na hInse 2016

4ú - 12ú Márta

Clár Laethúil na Féile

DÉ hAOINE	4 MÁRTA	Lch. 5
3.30 p.m.	Comórtas Aithriseoireachta Bhunscoile Sinsir - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ SATHAIRN	5 MÁRTA	Lch. 6
2.00 p.m.	Comórtais Scoraíochta na Féile- Óstán an Auburn Lodge	
4.00 p.m.	Comórtais Banna Céilí agus Grúpa Ceoil Iar-bhunscoile Óstán an Auburn Lodge	
6.00 p.m.	Comórtas Bord-Quiz Iar-bhunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ DOMHNAIGH	6 MÁRTA	Lch.7
12 nóin	Aifreann na Féile - Ard-Eaglais na hInse	
1.00 p.m.	Lá na dTeaghlach - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ LUAIN	7 MÁRTA	Lch.8
1.00 p.m.	Comórtas Agallamh Beirte - Gaelscoileanna - Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg	
3.30 p.m.	Labhairt na Gaeilge Bunscoile - Gaelscoileanna- Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg	
3.30 p.m.	Agallamh Beirte - Gnáthscoileanna - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ MÁIRT	8 MÁRTA	Lch.9
1.00 p.m.	Slua amhránaíocht Bunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
2.15 p.m.	Amhránaíocht Aonair Bunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
3.15 p.m.	Grúpamhránaíocht Bunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ CÉADAOIN,	9 MÁRTA	Lch.10
4.00 p.m.	Labhairt na Gaeilge Bunscoile - Gnáthscoileanna - Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg	
6.30 p.m.	Bronnadh na nDuaiseanna Ealaíne & Liteartha - Óstán Auburn Lodge	
DÉARDAOIN,	10 MÁRTA	Lch.11
3.30 p.m.	Scéalaíocht Bunscoile (Gaelscoil & Gnáthscoil) - Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg	
3.30 p.m.	Grúpaí Ceoil Bunscoile - Ostán an Auburn Lodge	
3.30 p.m.	Bannaí Céilí Bunscoile - Ostán an Auburn Lodge	
DÉ hAOINE,	11 MÁRTA	Lch.12
3.45 p.m.	Bord Quiz Bunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
DÉ SATHAIRN	12 MÁRTA	Lch.13
11.00 a.m.	Labhairt na Gaeilge Iar-bhunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
1.00 p.m.	Aithriseoireacht Aonair Iar-bhunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
2.00 p.m.	Comórtas Agallamh Beirte Iarbhunscoile Bliain 1-6 - Óstán an Auburn Lodge	
2.30 p.m.	Grúpamhránaíocht Iar-bhunscoile- Óstán an Auburn Lodge	
3.15 p.m.	Amhránaíocht Aonair Iar-bhunscoile - Óstán an Auburn Lodge	
5.00 p.m.	Comórtas Óráidaíocht Phoiblí - Óstán an Auburn Lodge	

**Dáta Deiridh Iontrála: 5.00 pm
ar an Aoine, 12 Feabhra 2016**

**Caithfear na hIontrálacha do na Comórtais Ealaíne & Aistí, a fhágáil isteach chuig:
Óifig "An Clár as Gaeilge", 5 Ardán Naomh Antaine, Inis,
Idir 3.30 p.m - 5.30 p.m. ar an Aoine, 12 Feabhra 2016.**

COMÓRTAS 1: Comórtais Ealaíne

Bunscoileanna

Comórtas 1 (A):	Naíonáin Shóiseareacha	Téama: Mo Chlann
Comórtas 1 (B):	Naíonáin Shinseareacha	Téama: Mo Pheata
Comórtas 1 (C):	Rang 1	Téama: Ar Scoil
Comórtas 1 (D):	Rang 2	Téama: Mo Chairde
Comórtas 1 (E):	Rang 3.	Téama: Faoin Tuath
Comórtas 1 (F):	Rang 4	Téama: Faoin Tuath
Comórtas 1 (G):	Rang 5	Téama: Léiriú ar Sheanfocal
Comórtas 1 (H):	Rang 6	Téama: Léiriú ar Sheanfocal

Tar-bhunscoileanna

Comórtas 1 (I):1ú, 2ú, 3ú Bliain.	Téama: Caitheamh Aimsire
Comórtas 1 (J):4ú, 5ú, 6ú Bliain	Téama: Saoirse

RIALACHA:

1. Glacfar le saothar ar pháipéar amháin.
2. Ceadáítear méid ar bith sa pháipéar agus glacfar le meán oibre ar bith.
3. Caithfear teideal bheith le léamh ar aghaidh an phictiúir agus cuirfear an léiriú scríofa seo san áireamh sa mholtóireacht. Ní cheadófar cló nó grafacha ríomhairí a úsáid.
4. Bíodh ainm, rang, scoil, uimhir fóin na scoile, chomh maith le huimhir an chomórtais agus síniú an mhúinteora, ar chúl.
5. Is le Coiste na Féile saothar na n-iomaitheoirí. Níl an Coiste faoi chomaoin é a thabhairt ar ais. Mar sin, ná cuir aon phíosa isteach a bheidh ag teastáil do phortfolio scrúdaithe.
6. Bronnfar trófaíthe agus boinn i ngach rannóg.
7. Táille: 1(A) - 1(J): €2



COMÓRTAS 2 : Comórtais Liteartha

COMÓRTAS 2 (A):	AISTE BHUNSCOILE
	Téama :Tháinig m'Aintín ar cuairt
COMÓRTAS 2 (B):	AISTE IAR-BHUNSCOILE, Bliain 1,2,3.
	Téama : Mo Laoch Spóirt
COMÓRTAS 2 (C):	AISTE IAR-BHUNSCOILE, Bliain 4,5,6.
	Téama : 1916
COMÓRTAS 2 (D):	GEARRSCÉAL IAR-BHUNSCOILE,
	Téama : Suaimhneas

RIALACHA:

1. Comórtas 2(A) gan dul thar 150 focal, 2(B), gan dul thar 300 focal. Comórtas 2(C & D), gan dul thar 500 focal.
2. Is le Coiste Fhéile na hInse obair na n-iomaitheoirí. Níl an Coiste faoi chomaoin é a thabhairt ar ais.
3. Bronnfar trófaíthe i ngach roinn.
4. Bíodh d'ainm, rannóg agus seoladh agus uimhir teagmhála na scoile ar chúl. 5.Táille : €2

Urraithe ag Coiste
Oideachais Ghairme
Beatha an Chláir



coláiste laichtín

Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

Cúrsaí / Courses 2015:

A: 04 Jun – 25 Jun, 2016

B: 27 Jun - 18 Jul, 2016

C: 19 Jul - 09 Aug, 2016 **D:** 19 Jul-02 Aug

065-6822275 info@colaistelaichtin.ie

RÚNAÍ: Mary Ó Conghaile
8 Rockmount Grove, Inis.



Dé hAoine 4 Márta

FÓGAIRT OSCAILT NA FÉILE 2016

Beo ar CLARE FM ag 10.30 a.m.



clare.fm *Bígí ag éisteacht!*

3.30 p.m. COMÓRTAS 3: AITHRISEOIREACHT BUNSCOILE - SINSIR

Clárú sa Garden Suite

3.30 p.m. Comórtas 3 (A) : Rang 2

3.50 p.m. Comórtas 3 (B) Slua-Aithriseoireacht Rang 2

4.10 p.m. Comórtas 3 (C): Rang 3

4.40 p.m. Comórtas 3 (D): Rang 4

5.00 p.m. Comórtas 3 (E): Rang 5

5.15 p.m. Comórtas 3 (F): Rang 6

5.30 p.m. Comórtas 3 (G): Slua-Aithriseoireacht Rang 3 - Rang 6

RIALACHA:

1. Píosa filíochta de do rogha féin a rá. Caithfear cóip den dán a chur ar fáil don mholtóir.
2. Táille: 3(A,C,D,E,F): €2
3. Táille 3 (B & G): €10
4. Duaiseanna: Trófaí agus boinn i gComórtas 3 (A)(C)(D)(E)(F). Buantrófaí i gComórtas 3 (B)(G)



Foras na Gaeilge

Mórfhátrún Féile na hInse

Príomhghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge:

- Eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a mhaoiniú.
- An Ghaeilge a chur chun cinn (lena n-áirítear fógraíocht, comórtais, imeachtaí agus urraíocht).
- Treoirleabhair agus ábhar acmhainní a fhoilsiú.
- Urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí dátheangacha, ceardlanna agus seimineáir oiliúna, lainseálacha agus taispeántais.
- Leabhair Ghaeilge & leabhair inspéise ó thaobh na Gaeilge a tháirgeadh, a dháileadh agus a chur chun cinn.
- Téarmaíocht nua don Ghaeilge a cheapadh agus foclóirí Gaeilge a thiomsú agus a fhoilsiú
Tacú le hoideachas Gaeilge.



... Agus Níos Mó

Mar sin, déan coinne leis an teanga inniu. Déan teagmháil le :

Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

R-phost: eolas@forasnagaeilge.ie www.forasnagaeilge.ie Fón: 1850 325 325

Dé Sathairn, 5 Márta



COMÓRTAS 4 : Comórtas Scoraíochta na Féile

2.00 p.m.

COMÓRTAS 4(A): COMÓRTAS BUNSCOILE
Comórtas Cuimhneacháin Dhónall Mhic Mhathúna

RIALACHA

1. Scoraíocht a léiriú le caint, ceol, amhránaíocht, agus damhsa.
2. Do rogha téama.
3. Teorainn Ama: 20 nóiméad.
4. Táille: €10.
5. Duais: 1ú: Buantrófaí Dhónall Mhic Mhathúna agus duais €50; 2ú: Duais €30

*Urraithe ag
Coiste Ghlór na
nGael, Inis*

3.00 p.m.

COMÓRTAS 4(B): COMÓRTAS IAR-BHUNSCOILE
Comórtas Cuimhneacháin Roibeárd Uí Cheallaigh

RIALACHA :

1. Scoraíocht a léiriú le caint, ceol, amhránaíocht, agus damhsa.
2. Do rogha téama.
3. Teorainn Ama: 20 nóiméad. 4. Táille: €10.
5. Duais: 1ú: Buantrófaí Roibeárd Uí Cheallaigh agus duais €50; 2ú: Duais €30

4.00 p.m.

COMÓRTAS 5 : BANNA CÉILÍ IAR-BHUNSCOILE AGUS EAGRAIS
Comórtas Cuimhneacháin Mháirtín Uí Dhúbháin

RIALACHA:

1. Uimhir sa Bhanna - gan dul thar deichniúr.
2. Seinnfidh an Banna teaglam de cheol rince céilí.
3. Am: Gan dul thar 12 nóiméad. 4. Táille: €10
5. Duais: 1ú : Buantrófaí Mháirtín Uí Dhúbháin agus Duais €50
2ú : Duais €30



5.00 p.m.

COMÓRTAS 6: GRÚPA CEOIL IAR-BHUNSCOILE.

RIALACHA:

1. Seinnfidh gach grúpa teaglam de cheol Gaelach ina mbeidh fonn mall.
Beidh súil ag an moltóir le cóiriú agus samhlaíocht.
2. Caithfidh na hiomaitheoirí in aon ghrúpa bheith ón scoil chéana.
3. Ceadófar uimhir ar bith sa ghrúpa.
4. Am: Gan dul thar 12 nóiméad.
5. Duais: Sciath na Féile 6. Táille: €10

NÓTA: I gComórtas 6 caithfidh duine nó daoine ón ngrúpa an ceol a chur i láthair, ag tabhairt ainmneacha na bpíosáí atá á sheinm acu.

6.00p.m.

COMÓRTAS 7: BORD QUIZ IAR-BHUNSCOILE

Comórtas 7 (A): Comórtas do Bhliain 1,2, 3 agus Clubanna.

Comórtas 7 (B): Comórtas do Bhliain 4, 5, 6 agus Clubanna

RIALACHA:

1. Ceathrar (4) ar gach foireann agus bíodh ainm Captaein gach foireann ar an bhfoirm iontrála.
2. Ní ghlacfar le hiontrálacha ar lá an Chomórtais.
3. Beidh 6 bhabhta sa Quiz, le 10 gceist i ngach babhta.
4. Rachaidh an dá chomórtas ar aghaidh le chéile.
5. Duais: Buantrófaí mar aon le duaiseanna aonair sa dá roinn. 6. Táille: €8 ar Fhoireann.


NÓTA : Tá cosc iomlán ar fhón póca a úsáid sa halla. Dícháileofar aon fhoireann a úsáideann fón póca ar chúis ar bith sa halla le linn an chomórtais.



Dé Domhnaigh, 6 Márta

AIFREANN NA FÉILE

Ar 12.00 in Ard-Eaglais na hInse
Le Cór na hArd-Eaglaise



Dé Domhnaigh 6 Márta

Lá na dTeaghlach

IMEACHT 8 agus IMEACHT 9:

(8): AITHRISOIREACHT / AMHRÁNAÍOCHT AONAIR BUNSCOILE

(9): SLUA-AMHRÁNAÍOCHT / SLUA-AITHRISOIREACHT BUNSCOILE

12.30 p.m.	Taispeántas Naíonraí
1.00 p.m.	8 (A): Naíonáin Shóisearacha
1.30 p.m.	9 (A): Naíonáin Shóisearacha
2.15 p.m.	8 (B): Naíonáin Shinsearacha
2.45 p.m.	9 (B): Naíonáin Shinsearacha
3.15 p.m.	8 (C): Rang 1
3.30 p.m.	9 (C): Rang 1

RIALACHA IMEACHT 8:

1. Píosa filíochta nó amhrán de do rogha féin a rá nó a chanadh.
2. Táille: €2

RIALACHA IMEACHT 9:

1. Dhá amhrán nó dhá dhán de do rogha féin a chanadh nó a aithris.
2. Tá feisteas agus aisteoireacht ceadaithe. 3. Táille: €2

Ní Chomórtas ach
Taispeántas a bheidh
ann in
Imeachtaí
8 & 9

Imeacht Speisialta do Dhaoine Óga-
Taispeántas ó Lámhchleasaí
do na páistí óga fite fuaite in Imeacht 8 agus 9
Ceol * Draíocht * Spraoi *

Fáilte roimh gach páiste óg agus sean !!



An Clár as GaeilgeTeo.

Togra Páirtnéireachta Forbairt Gaeilge do Chontae an Chláir
Ag spreagadh úsáid na Gaeilge ar fud an Chontae

Seoladh: 5 Ardán Naomh Antaine, Inis, Co. an Chláir Fón: 065-6864474

R-Phost: clarasgaeilge@eircom.net Idirlíon: www.anclarasgaeilge.net

Buail isteach chugainn - beidh fáilte romhat!

Eagraithe ag Conradh na Gaeilge

Maoinithe ag Foras na Gaeilge

Dé Luain, 7 Márta

COMÓRTAS 10: COMÓRTAS AGALLAMH BEIRTE BUNSCOILE


Gaelscoileanna amháin

IONAD: An halla i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Gleann Aibhne.

- 1.00 p.m. Comórtas 10 (A): Rang 2 agus faoi
- 1.30 p.m. Comórtas 10 (B): Rang 3
- 2.00 p.m. Comórtas 10(C): Rang 4
- 2.30 p.m. Comórtas 10 (D): Rang 5
- 3.00 p.m. Comórtas 10 (E): Rang 6

RIALACHA:

1. Agallamh beirte nó lúibín a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh amháin.
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaíthe i ngach roinn.
4. Táille: €4 ar gach beirt.



3.30 p.m COMÓRTAS 11: LABHAIRT NA GAEILGE BUNSCOILE

Gaelscoileanna amháin.

IONAD: Seomraí i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Gleann Aibhne.

- 3.30 pm Comórtas 11 (A) Rang 2 agus faoi
- 3.30 pm Comórtas 11 (B) Rang 3
- 3.30 pm Comórtas 11 (C): Rang 4
- 3.30 pm Comórtas 11 (D): Rang 5
- 3.30 pm Comórtas 11 (E): Rang 6

RIALACHA:

1. Agallamh 3 nóiméad idir an iomaitheoir agus an moltóir.
2. Dalta ar bith a d'fhreastail ar Ghaelscoil ó Mheán Fómhair 2013, caithfidh siad cur isteach ar Chomórtais 11(A) - 11(E).
3. Duaiseanna: Scoláireacht iomlán chuig "Scléip an tSamhraidh 2016" nó "Campa Cois Fharráige 2015".
4. Táille: €2

3.30 p.m. COMÓRTAS 12: COMÓRTAS AGALLAMH BEIRTE BUNSCOILE

Gnáthscoileanna Amháin


IONAD: Garden Suite, Óstán an Auburn Lodge

Clárú sa Garden suite roimh ré

- 3.30 p.m. Comórtas 12 (A): Rang 3 agus faoi
- 4.00 p.m. Comórtas 12 (B): Rang 4
- 4.40 p.m. Comórtas 12 (C): Rang 5
- 5.20 p.m. Comórtas 12 (D): Rang 6

RIALACHA:

1. Agallamh beirte nó lúibín a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh amháin
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaíthe i ngach Roinn
4. Táille: €4 ar gach beirt.



Dé Máirt, 8 Márta - Comórtais Bhunscoileanna

1.00 p.m. COMÓRTAS 13: SLUA-AMHRÁNAÍOCHT BUNSCOILE

Clárú sa Garden Suite roimh ré. Ní cheadófar an t-amhrán céana a chanadh sa dá chomórtas

1.00 p.m. Comórtas 13 (A) Slua-amhránaíocht - Rang 2 - Rang 6 gan tionlacan

1.30 p.m. Comórtas 13 (B) Slua-amhránaíocht - Rang 2 - Rang 6 le tionlacan

RIALACHA:

1. Dhá amhrán le canandh.
2. Amhráin dhifriúla le canadh sa dá chomórtas.
3. I gcomórtas 13(A), Ní **cheadófar** tionlacan ar bith, taifeadtha nó beo (téip, CD, MP3 nó uirlis).
4. I gcomórtas 13(B), Ní **cheadófar** tionlacan ach amháin ón ngrúpa nó ón múinteoir.
5. Uimhir ar bith sa slua.
6. Táille: €10
7. Duais: Sciath na Féile.

2.15 p.m. Comórtais Amhránaíocht Aonair (nach Sean Nós í)

2.15 p.m. Comórtas 13 (C): Rang 2- Buachaillí agus Cailíní

2.45 p.m. Comórtas 13 (D) Rang 3 agus 4 - Buachaillí agus Cailíní

3.15 p.m. Comórtas 13 (E): Rang 5 agus 6 - Buachaillí

3.45 p.m. Comórtas 13 (F): Rang 5 - Cailíní

4.15 p.m. Comórtas 13 (G): Rang 6 - Cailíní.

RIALACHA:

1. Amhrán amháin a chanadh, gan tionlacan, **gan dul thar 3 véarsa**.
2. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn.
3. Táille : €2

2.30p.m. Comórtais Amhránaíocht Aonair (Sean Nós)

2.30 p.m. Comórtas 13 (H) Amhránaíocht ar an Sean-Nós do dhaltáí bunscoile

3.30 p.m. Comórtas 13 (I) Amhránaíocht ar an Sean-Nós do dhaltáí Iar-bhunscoile

RIALACHA:

1. Amhrán amháin a chanadh. 2. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach Roinn. 3. Táille: €2

3.15 p.m. COMÓRTAS 14: COMÓRTAS GRÚPAMHRÁNAÍOCHT BUNSCOILE

3.15p.m Comórtas 14 (A): Grúpa Amhránaíocht gan tionlacan

3.45p.m Comórtas 14 (B): Grúpa Amhránaíocht le tionlacan

4.15p.m Comórtas 14(C): Grúpa Amhránaíocht le hamhrán nuachumtha nó aistriúchán, ceadófar tionlacan.

RIALACHA:

1. Canfaidh gach grúpa dhá amhrán.
2. Bíodh idir chúigear agus deichniúr i ngach grúpa.
3. I gcomórtas 14(A), ní **cheadófar** tionlacan taifeadtha nó beo (téip, CD, MP3 nó uirlis).
4. I gcomórtas 14(B), **ceadófar** tionlacan ón ngrúpa amháin.
5. Duais: Boinn.
6. Is leor amhrán amháin a chanadh i gComórtas 14(C).
7. Táille: €10 don ghrúpa.

Comórtas Ghlor na nGael, Luach €150,000 de Dhuaiseanna

Cláraigh anois do Chomórtas 2015

Gach eolas ó:

Glór na nGael Teo., Ráth Cairn, Ath Buí, Co na Mí.
Clár as Gaeilge, 5 ArdánNaomh Antaine, Inis, Co. an Chláir

Fón: 046 - 9430974
Fón: 065-6864474

Bhuaigh Inis an Gradam Náisiúnta i 2007

Dé Céadaoin, 9 Márta

4.00 p.m. COMÓRTAS 17: LABHAIRT NA GAEILGE BUNSCOILE

IONAD: Sa Halla i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Gleann Aibhne

Comórtais do Ghnáthscoileanna amháin

- 4.00 p.m. Comórtas 17 (A) Rang 3 agus faoi
- 4.00 p.m. Comórtas 17 (B) Rang 4
- 4.00 p.m. Comórtas 17 (C) Rang 5
- 4.00 p.m. Comórtas 17 (D) Rang 6

RIALACHA:


1. Agallamh 3 nóiméad idir an iomaitheoir agus an moltóir.
2. Duaiseanna: Scoláireacht chuig "*Scléip an tSamhraidh 2016*" don bhuaiteoir i ngach Comórtas.
3. Má fhreastal tú ar Ghaelscoil ó 2011, caithfidh tú páirt a ghlacadh sa Chomórtas do na Gaelscoileanna.
4. Táille: €2

6.30 p.m Bronnadh Duaiseanna na gComórtais

(i) Comórtais Ealaíne: 1(A) - 1(J)

(ii) Comórtais Liteartha: 2(A) - 2(D)

IONAD: Ballyalla Suite, Óstán an Auburn Lodge



Coláiste Eoghain Uí Chomhraidhe,
Carraig a'Chabhaltaigh,
Co.an Chláir.

Coláiste Samhraidh Gaeilge Cónaithe do Pháistí idir 10 agus 14

Cúrsa A: 05/06/2016 - 26/06/2016

Cúrsa B: 03/07/2016 - 24/07/2016

Cúrsa C: 31/07/2016 - 14/08/2016

Gach eolas ón Rúnaí ag 065-9058014

E-phost: colaistechomhraidhe@eircom.net

Idirlíon: www.colaiistechomhraidhe.com

Saoire trí Ghaeilge cois fharraige i gContae an Chláir

Déardaoin, 10 Márta

3.30p.m. COMÓRTAS 18: COMÓRTAS SCÉALAÍOCHTA BUNSCOILE (Gaelscoil Mhichíl Cíosóg)

Gaelscoileanna


- 3.30p.m. Comórtas 18 (A): Rang 1 agus 2
4.00 p.m. Comórtas 18 (B): Rang 3 agus 4
4.30 p.m. Comórtas 18 (C): Rang 5 agus 6

Gnáthscoileanna

- 3.30 p.m. Comórtas 18 (D): Rang 1 agus 2
4.00 p.m. Comórtas 18 (E): Rang 3 agus 4
4.30 p.m. Comórtas 18 (F): Rang 5 agus 6

RIALACHA:

1. Tá cead seanscéal nó scéal nuachumtha a insint.
2. Teora Ama: 5 Nóiméad.
3. Duaiseanna: Trófaithe i ngach Roinn.
4. Táille: €2



3.30 p.m. COMÓRTAS 15: GRÚPA CEOIL BUNSCOILE (Óstán an Auburn Lodge)

- 3.30 p.m. Comórtas 15 (A) - Scoileanna Beaga - Ceathrar Múinteoirí Ranga nó níos lú.
4.30 p.m. Comórtas 15 (B) - Scoileanna Móra - Cúigear Múinteoirí Ranga nó níos mó.



RIALACHA:

1. Seinnfidh gach grúpa teaglam de Cheol Gaelach ina mbeidh ina measc fonn mall.
2. Beidh súil ag an moltóir le cóiriú agus samhlaíocht.
3. Foireann : Uimhir ar bith sa Ghrúpa
4. Caithfidh gach páiste sa Ghrúpa bheith sa Bhunscoil chéanna.
5. Am: Gan dul thar 10 nóiméad. Caillfear marcanna má théann grúpa thar am.
6. Duais: Boinn
7. Táille: €10



3.30 p.m. COMÓRTAS 16: BANNA CÉILÍ BUNSCOILE. (Óstán an Auburn Lodge)

- 3.30p.m. Comórtas 16 (B) - Scoileanna Móra - Cúigear Múinteoirí Ranga nó níos mó.
4.30p.m. Comórtas 16(A) - Scoileanna Beaga - Ceathrar Múinteoirí Ranga nó níos lú.

RIALACHA:

1. Méid Foirne: Uimhir sa Bhanna - gan dul thar dháréag.
2. Seinnfidh gach banna teaglam de Cheol Rince Céilí.
3. Am: gan dul thar 10 nóiméad. Caillfear marcanna má théann Banna thar am.
4. Duais: Sciath na Féile agus boinn.
5. Táille: €10





Scléip an tSamhraidh '16

Campa Samhraidh Gaeilge

In Inis, Co. An Chláir

4 Iúil - 15 Iúil 2016

****SPÓRT **SPRAOI **TURAS **SNÁMH **CEOL**DAMHSA**DRÁMA
EALAÍN AGUS NÍOS MÓ!

Oiriúnach do pháistí Bunscoile ó Rang 3 – Rang 6 ***Déan áirithint go luath - tá áiteanna teoranta!***

Gach Eolas ó: Oifig Clár as Gaeilge, 5 Ardán Naomh Antaine, Inis.

Fón: 065-6864474 R-phost: clarasgaeilge@eircom.net

Eagraithe ag An Clár as Gaeilge

i dteannta le Foras na Gaeilge agus Comhairle Chontae an Chláir

Dé hAoine, 11 Márta


3.45 p.m. COMÓRTAS 19: BORD QUIZ BUNSCOILE

(Clárú sa Ballyalla Suite)

Comórtas 19 :Comórtas do bhunscoileanna


RIALACHA:

1. Ceathrar ar gach foireann.
2. Bíodh ainm captaein gach foireann ar an bhfoirm iontrála.
3. Ní ghlacfar le hiontrálacha ar lá an chomórtais.
4. Beidh 6 Bhabhta sa Quiz, le 10 gceist i ngach babhta.
5. Duais: Buantrófaí mar aon le duaiseanna aonair.
6. Táille: €8 ar Fhoireann.



NÓTA: Tá cosc iomlán ar fhón póca nó gléas leictreonach ar bith a úsáid sa halla. Dícháileofar aon fhoireann a úsáideann fón póca ar chúis ar bith sa halla le linn an chomórtais.

An Cumann Scoildrámaíochta, Co. an Chláir



Féile Scoildrámaíochta an Chláir 2016

Céadaoin, 9 Feabhra

Ag tosú ar 10.00 a.m. Glór Inis.

Féile Scoildrámaíochta na Mumhan 2016

Dé Máirt, 1 Márta

Ag tosú ar 10.00 a.m. Glór Inis

Gach eolas ón Rúnaí ag 065-6864474

Dé Sathairn, 12 Márta

Comórtais Iar-bhunscoileanna

11.00 a.m. COMÓRTAS 20: LABHAIRT NA GAEILGE

Clárú san Ballyalla Suite

11.15 a.m:	Comórtas 20(A):	Agallamh don 1ú Bliain, 2ú agus 3ú Bliain
11.15 a.m:	Comórtas 20(B):	Agallamh don 4ú, 5ú & 6ú Bliain
11.15 a.m:	Comórtas 20(C):	Agallamh do scoláirí Ghaelcholáistí, 1ú, 2ú & 3ú Bliain
11.15 a.m:	Comórtas 20(D):	Agallamh do scoláirí Ghaelcholáistí, 4ú, & 5ú & 6ú Bliain

RIALACHA:

1. Agallamh idir an iomaitheoir agus an moltóir, 15 nóim. do 20(B) & 20(D); 10 nóim. do 20(A) & (C)
2. Duais: Páirtscoláireacht (€500) chuig Coláiste Sheosamh Carna (féach fógra lch 15) bronnta ag Coiste Ghlor na Gael, Inis, don bhuaiteoir i ngach comórtas.
3. Caithfidh scoláirí a d'fhreastail ar Ghaelscoil nó ar Ghaelcholáiste ó Mheán Fómhair 2012 i leith, páirt a ghlacadh i gComórtas 20 (C) nó 20 (D).
4. Is gá don Mholtóir bheith sásta le caighdeán na Gaeilge chun scoláireacht a bhronnadh.
5. Clárú 15 nóiméad roimh ré.
6. Táille: €2

1.00 p.m. COMÓRTAS 21: AITHRISEOIREACHT AONAIR IAR-BHUNSCOILE (BLIAIN 1 - 6)

RIALACHA:

1. Píosa próis nó píosa filíochta de do rogha féin a rá nó a léamh le tuiscint.
2. Caithfear cóip den dán nó den phrós a chur ar fáil don mholtóir roimh thús an chomórtais.
3. Táille: €2

2.00 p.m. COMÓRTAS 22 AGALLAMH BEIRTE IAR-BHUNSCOILE Bliain 1-6

RIALACHA:

1. Agallamh beirte a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh amháin.
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaíthe i ngach roinn.
4. Táille: €4 ar gach beirt.



2.30 p.m. COMÓRTAS 23 : GRÚPAMHRÁNAÍOCHT IAR-BHUNSCOILE

Comórtas 23(A): Grúpamhránaíocht gan tionlacan.

Comórtas 23(B): Grúpa Bailéid, le tionlacan.

Comórtas 23(C): Popghrúpa le hAmhrán Nuachumtha nó Aistriúchán.

RIALACHA:

1. 3 - 10 i ngach grúpa.
2. Dhá amhrán a chanadh. Amhrán amháin i gComórtas 23(C)
3. Duaiseanna: Buantrófaí agus duaiseanna aonair
4. Táille: €1 an duine sa ghrúpa

3.15p.m. COMÓRTAS 24: AMHRÁNAÍOCHT AONAIR

IAR-BHUNSCOILE gan tionlacan

Comórtas 24(A): Comórtas do Bhliain 1,2,3.

Comórtas 24(B): Comórtas do Bhliain 4,5,6.


RIALACHA:

1. Amhrán amháin a chanadh, gan dul thar trí véarsa.
2. Táille: €2

5.00pm Comórtas 25: Óráidíocht Phoiblí Iarbhunscoile

Comórtas 25(A): Sóisir Bliain 1,2,3.

Comórtas 25(B): Sinsir Bliain 4,5,6.



Duaiseanna iontacha le buachan!!

Rialacha

1. Déanfaidh gach iomathóir óráid 3 nóiméad a chur i láthair.
2. Is féidir téama na hóráide a roghnú ón liosta thíos, nó is féidir ceann de do rogha féin a úsáid.
3. Níl cead nótaí ná luascháirtaí a úsáid.
4. Níl léitheoireacht ceadaithe, bainfear marcanna d' iomaitheoir a bhíonn ag léamh.
5. Is comórtas urlabharaíochta é seo, mar sin cuirfear béim ar: soléireacht agus líofacht cainte; foghraíocht; eolas ar an ábhar; féith an ghrinn agus leanúnachas.
6. Duaiseanna: Bronnfar duaiseanna iontacha sa dá rannóg.
7. Táille: €2 an duine.

Téamaí

- | | | | |
|----------------------------|------------------------|---------------------------|---------------------------|
| 1. Bhí Náire Orm | 8. Traenacha | 16. An Lotto | 24. Spórt |
| 2. Dreapadóireacht Sléibhe | 9. Griangrafadóireacht | 17. Turais Scoile | 25. Aistí Bia |
| 3. Bailiú Stampáí | 10. Stoirmeacha | 18. An Áit is Fearr Liom | 26. Mo Chara |
| 4. Ní Maith Liom Ospidéal | 11. Cóisir Bhreithlae | 19. Sábháilteacht Bóthair | 27. Foghlaimeoirí Tiomána |
| 5. Iarsmalanna. | 12. Bhí an tÁdh Liom | 20. Laethanta Fliucha | 28. Cócaireacht |
| 6. Cois Farráige | 13. Sobaldrámaí | 21. Bróga Nua | 29. Mar a Thit mé i nGrá |
| 7. Ríomhairí | 14. Teachtaí Dála | 22. Mo Sheanmháthair | 30. An Nollaig |
| | 15. An Ghealach | 23. Rialacha Scoile | |



Comhairle contae an Chláir

AG SAOTHRÚ AR SON PHOBAIL AN CHLÁIR

Ag Tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus seirbhís dhá theangach a chur ar fáil do mhuintir an Chláir.

An bhfuil tusa ag éisteacht leis?

"Cúl-Chaint"



Nuacht * Caint * Seanchas * Agallaimh *
Fógraí * Ceol * Agus Níos Mó!

Gach maidin Sathairn ar 9.00
le Domhnall Ó Loingsigh



inis dom!
SHOPPING AS GAELGE IN ENNIS

Tionscnamh Siopadóireacht i nGaeilge

a chur chun cinn in Inis

BUNTÁISTÍ DO BHAILE na hINSE:

- Fócas a Dhíriú ar Inis mar Bhaile Siopadóireachta
- Timpeallacht Gaelach a Chothú sa Bhaile
- Cabhair agus Tacaíocht a Thabhairt don Earnáil Trádála
- Cuidiú le cur Chun Cinn na Gaeilge in Inis

Is féidir le gach duine a bheith páirteach. Ní gá duit ach Gaeilge a úsáid sna siopaí ina mbíonn an logo INIS DOM! ar taispeáint ar an bhfuinneog nó ar an doras.

DO THEANGA – DO ROGHA ... ÚSÁID AN GHAEILGE in 2015

An Clár as Gaeilge Teo.



Le cabhair ó:



Gach eolas: 087 7376981

www.colaiestesheosaimh.com

info@colaiestesheosaimh.com

Beidh fáilte romhat!

**Coláiste Sheosaimh, Cárna-Cill Chiarán,
Conamara, Co. na Gaillimhe.**

Cúrsa A: 5 June - 26 June 2016

Cúrsa B: 26 June - 17 July 2016

Cúrsa C: 17 July - 7 Aug 2016

Cúrsa D: 26 June - 10 July 2016 (Coicís-Fortnight)

Cúrsa E: 17 July - 31 July 2016 (Coicís-Fortnight)

Cúrsa F: 12 Feb - 16 Feb 2016 (Cúrsa Cinnireachta-Midterm)

Is mór le Coiste Fhéile na hInse an cúnamh airgid a fhaigheann sé ó bhaill de Choiste Cairde na Féile gach bliain. Gan an cúnamh seo, ní fhéadfaimid an Fhéile a reachtáil ar an leibhéal ar a bhfuil sí.

Go raibh míle maith agaibh go léir as bhur bhflaithiúlacht.

Féile na hInse 2016 -Coiste na Féile

Cathaoirleach: An tSr Eibhlín Ní Challanáin

Rúnaí: Aoife Ní Chonchúir.

Cisteoir: Liam Ó Clochasaigh

Rúnaí na gComórtas: Róisín Ní Cheallaigh

Baill an Choiste:

Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh; Daithí Ó Diollúin,
Domhnall O' Loingsigh, Eoin Ó Ceallaigh,
Breandán Mac Fhionnghaile, Nóirín Uí Cheallaigh,
Eoghan Ó Ceallaigh, Pádraig MacMathúna.

Focal Buíochais

Ba mhaith le Coiste na Féile buíochas a ghabháil leis na Moltóirí, le Múinteoirí na Scoileanna, le Tuismitheoirí na bpáistí, le Lucht Bainistíochta an Auburn Lodge, le Scoláirí Ghaelcholáiste an Chláir; le Cór na hArd-Eaglaise, Inis agus leis na dreamanna go léir a thug tacaíocht agus cabhair dúinn.

Nár laga Dia sibh riamh.

Pátrúin na Féile

Tá Coiste na Féile fíorbhuíoch de na patrúin seo a leanas a thug urraíocht, tacaíocht agus cúnamh dúinn - gan iad, ní fhéadfaimís an Fhéile a reachtáil.

An Clár as Gaeilge Teo, Foras na Gaeilge, Comhairle Contae an Chláir, Coiste Contae an Chláir, Cumann Lúthchleas Gael, Coiste Ghlór na nGael Inis Coiste Cois na hAbhna, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Cumann Scoildrámaíochta an Chláir, Óstán an Auburn Lodge.

Cairde na Féile

Andrew Newland, Barry O'Driscoll, Brian & Patricia O'Cualáin, C&F Feirtéar, Café Aroma, Cairde Café, Cahill's opticians, Carmel & Michael O'Coileáin, Carmel Uí Cheallaigh, Ciarán O'Murchadha, Cllr Christy Curtin, Cllr Pat Hayes, Cllr Patricia McCarthy, Cllr Peter Considine, Cllr Tom Prendeville, Cois na hAbhna, Connolly Solicitors, Cornucopia, Cuddihy & Co, Cummins Car Centre, Curtin & O'Friel, David Williams, Deirbhile Evans, Dónal & Nóirín Uí hAiniféin, Donnchadha Ó Maoláin, Dr's Denise & Tony Cox, Eibhlín de Barra, Eithne Nic Chonmara, Ennis Pet Centre, Food Heaven, Frances Canny, Frank Ó Néill, Daly Insurance, Joe Carey T.D., John & Sheila MacNamara, Josie & Brendan Mullen, Kerin, Hickman & O'Donnell, M. Bamjee, Máire Mhic Cárthaigh, Máire Ní Chonluain, Máire Ní Ghabhláin, Máire Ní Ghéirín, Máire Ní Mhaoileoin, Máire Uí Mhaoldomhnaigh, Martin Linane, Mary Cashin, Mary Nolan, Michael Houlihan, Michael McNamara, Micheál Ó Conghaile, Nollaig MacConmara, Oliver Moylan, Órla Ní Éilí, Paddy Flynn, Pat Breen T.D., Pat McCarthy, Pól Mac Ginneá, Rónan Cahir, Rosie Heaslip, Scéal Eile bookshop, Scoil Mhochulla Naofa, Séamus Ó Lideadha, Seán & Cáit MacMathúna, Seán Ó Nuanáin, Seán Spring, Seosaimhín Ní Loideáin, Slattery & Partners, St. Francis Credit Union, Tadhg Ó Fiongláí, Tea Cozy Café, Terry Moorhead, Tim Moloney, Timmy Dooley T.D., Tom Ó Donnell, Tomás de Stac, Tommy Brennan, Treasa Uí Shúilleabháin, William Cahir, William McCannon, YOLO, Zest Café, An tSiúr Pascal, An tSiúr Eibhlín, Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh, Eoghan Ó Ceallaigh, Róisín Ní Cheallaigh, Nóirín Uí Cheallaigh, Daithí Ó Diollúin.